An Coimisiún Eorpach

# Réamheolas maidir leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme 2018

An tSeachtain Eorpach um scileanna gairme

2018 | TABHAIR DO THALLANN CHUN SOLAIS!

5-9 Samhain 2018

Bí páirteach!

#DiscoverYourTalent

Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

# Réamheolas maidir leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme 2018

# TABHAIR DO THALLANN CHUN SOLAIS!

# 5-9 Samhain 2018

# Bí páirteach!

## CÉARD É GAIRMOIDEACHAS AGUS GAIRMOILIÚINT (VET)?

Tá sé mar aidhm le foghlaim obairbhunaithe, cúrsaí oiliúna, printíseachtaí, cúrsaí saincheaptha agus oiliúint ar an láthair, acmhainneacht gach duine a nochtadh trí mheascán de theoiric agus de chleachtas. **Tá an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint ag éirí níos mealltaí chomh fada is a bhaineann le** fostóirí agus fostaithe araon. Tá sé ar fáil i ngach réimse, idir eolaíocht agus innealtóireacht, cúram sláinte agus airgeadas, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon.

Gach bliain, baineann breis is 100 milliún Eorpach tairbhe as an **ngairmoideachas agus as an ngairmoiliúint (VET)**. Mar thoradh air sin, a bhuí le foireann dhea-oilte ag a bhfuil scileanna teicniúla nua-aimseartha, tá cuideachtaí agus eagraíochtaí ag éirí níos láidre agus níos iomaíche. Cuireann sé sin le fás cliste agus inbhuanaithe chomh maith, mar aon le sochaí níos láidre a fhorbairt.

## CÉARD É AN TSEACHTAIN EORPACH UM SCILEANNA GAIRME?

**An bhfuil tú i measc na ngrúpaí seo...**

- foghlaimeoir óg nó aosach?
- múinteoir, oiliúnóir, comhairleoir nó taighdeoir?
- soláthraithe oiliúna oideachais?
- gnó, comhlachas, ceardchumann nó eagraíocht fostóirí?
- duine atá i gceannas ar chlár gairmoideachais agus gairmoiliúna, gréasáin beartais nó tionscnamh a bhaineann le gairmoideachas agus gairmoiliúint?

**...ciallaíonn sé sin go mbeidh suim agat sa tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme!**

Tionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme a bhfuil sé mar aidhm leis an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a dhéanamh níos meallltaí. Áirítear mar chuid den tionscnamh imeachtaí agus gníomhaíochtaí i dtíortha rannpháirteacha ar fud na hEorpa, ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Beidh an deis ag páirtithe leasmhara a ghlacfaidh páirt sa tSeachtain samplaí de bharr feabhais sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a roinnt.

Ag leanúint leis an rath a bhí ar an imeacht le dhá bhliain anuas, reáchtálfar an tríú **Seachtain Eorpach um Scileanna Gairme** idir an **5-9 Samhain 2018**. Is i **Vín** a reáchtálfar na príomhimeachtaí agus na príomhghníomhaíochtaí i mbliana, imeachtaí agus gníomhaíochtaí atá eagraithe i ndlúthchomhar le hUachtaránacht Ostarach Chomhairle an AE. Reáchtálfar roinnt imeachtaí oscailte náisiúnta i roinnt Ballstát eile den AE, mar aon leis na céadta imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

## CÉN TAIRBHE IS FÉIDIR LEATSA A BHAINT AS AN TSEACHTAIN?

**Foghlaimeoirí**

Is cuma céard é do chúlra foghlama, **is féidir tairbhe a bhaint as an ngairmoideachas agus as an ngairmoiliúint chun dlús a chur le d’iarrachtaí fostaíocht a aimsiú** trí chabhrú leat scileanna a fhorbairt, cáilíochtaí a bhaint amach agus an taithí a fháil a theastaíonn uait ionas go n-éireoidh leat. Éascaíonn printíseachtaí agus **foghlaim obairbhunaithe** an t-aistriú idir an earnáil oideachais agus an t-ionad oibre, agus d’fhéadfadh an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint cabhrú leat obair a aimsiú in earnálacha nó i dtíortha eile. Lena chois sin, **féadfaidh fostaithe a bhfuil taithí acu, cúrsaí gairmoiliúna a dhéanamh ionas go mbeidh siad cothrom le dáta** chomh fada is a bhaineann le forbairtí nua, lena scileanna poist a oiriúnú nó tabhairt faoi athoiliúint do ghairm nua.

Is deis í an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme chun níos mó a fhoghlaim faoi na deiseanna atá ar fáil agus do thallann a thabhairt chun solais! Glac páirt in imeacht nó gníomhaíocht a bhaineann leis an tSeachtain agus cur lena bhfuil ar eolas agat. Roinn do scéalta maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint ar shuíomh gréasáin na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme agus spreag daoine eile. Féach ar na físeáin, foghlaim faoin obair a dhéanann na hAmbasadóirí, faoi na gradaim, agus faoin ngairmoideachas agus faoin ngairmoiliúint, faoin tSeachtain agus faoin tairbhe a d’fhéadfá a bhaint as an tSeachtain. Foghlaim faoin tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme agus tabhair do thallann chun solais inniu!

**Eagraíochtaí**

Deis uathúil is ea an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme do d’eagraíocht dul i dteagmháil leis an tsochaí i gcoitinne, agus cuidiú a thabhairt le próifíl an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú i do phobal agus ar fud na hEorpa. Deis atá ann teacht le chéile le príomhpháirtithe leasmhara agus comhiarracht a dhéanamh lena mbaintear an leas is fearr as do rath aonair.

Táimid ag iarraidh ar d'eagraíochtsa imeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú ar leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2018, chun aird pobal meáin chomh mór agus is féidir a tharraingt ar ghairmoideachas agus ar ghairmoiliúint. **I measc na smaointe coitianta a luadh i rith na mblianta roimhe seo bhí laethanta oscailte, comhdhálacha téamacha nó feachtais maidir le gairmoiliúint thosaigh agus leanúnach** Cláraigh an t-imeacht nó an ghníomhaíocht sin trí shuíomh gréasáin na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme agus beidh rochtain uathúil agat ar amharc-aithne agus mana **'An tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme — Tabhair do Thallann chun Solais!'**, tarraingeoidh tú níos mó airde ort féin, agus déanfaidh tú níos mó poiblíochta.

**Is féidir leat faisnéis a fháil faoi conas páirt a ghlacadh agus conas imeacht de do chuid féin a chlárú ar ár leathanach gréasáin:** http://ec.europa.eu/social/VocationalSkillsWeek**.**

## CONAS IS FÉIDIR LEAT A BHEITH PÁIRTEACH?

- Glac páirt in imeacht nó gníomhaíocht a bhaineann leis an tSeachtain;
- Eagraigh imeacht nó gníomhaíocht a bhaineann leis an tSeachtain;
- Cuir an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint agus an tSeachtain chun cinn ar na meáin shóisialta;
- Cláraigh chun an nuachtlitir a fháil tríd an suíomh gréasáin: http://ec.europa.eu/social/VocationalSkillsWeek.

## CÉARD FAOIN TSEACHTAIN I VÍN?

**Is é téama uileghabhálach na n-imeachtaí agus na ngníomhaíochtaí eagraithe i Vín an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint agus an ról a bheidh aige amach anseo in obair chomh fada is a bhaineann le poist agus scileanna. Áirítear i measc na bhfothéamaí digitiú, scileanna a bhaineann leis an 21ú haois, bailíochtú foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus inmheánú an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna.**

Áirítear mar chuid den **tSeachtain i Vín** comhdháil faoin ngairmoideachas agus faoin ngairmoiliúint le páirtithe leasmhara, ceiliúradh cúigiú breithlá an Chomhaontais Eorpaigh do Phrintíseachtaí, fóram an Choimisiúin Eorpaigh-OECD, ceiliúradh ar na hainmnithe le haghaidh Ghradaim 2018, agus imeacht deiridh bríomhar. Reáchtálfar imeachtaí oscailte náisiúnta éagsúla i mBallstáit chomh maith.

Tá an Coimisiún Eorpach ag súil le hoibriú leat i rith an **tríú Seachtain Eorpach um Scileanna Gairme, 5-9 Samhain 2018!**

**Tuilleadh eolais**

**Gréasán:** http://ec.europa.eu/vocational-skills-week

R-phost: empl-vocational-skills-week@ec.europa.eu

Twitter: #EUVocationalSkills agus #DiscoverYourTalent

**Tionscnaimh beartais, ardáin agus deiseanna maoinithe gaolmhara**

[EPALE]

[Conairí Uas-scilithe]

[Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip]

[An Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí]

[Ráthaíocht don Aos Óg]

[Erasmus+]

[Ciste Sóisialta na hEorpa]

[Drop'pin@EURES]

[Do chéad phost EURES]

**Comhpháirtithe**

[Uachtaránacht Ostarach Chomhairle an Aontais Eorpaigh]

[An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP)]

[An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)]

[Líonra Eorpach na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí]

[Ardán Chomhlachais na hEorpa de Sholáthraithe an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna]

[OECD]